Staidéar ar Thoradh Taighde in Éirinn Lena Meastar Éifeachtacht na Cóireála Drugaí (ROSI*E*) Torthaí Bonnlíne agus Achoimrí ar Thorthaí tar éis Bliain Amháin

(2007)

NACD
Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

Taighde arna dheanamh ag:
Dr Catherine Comiskey agus Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Aidhm:
Is é ROSI*E* an chéad staidéar náisiúnta, ionchasach, fadaimseartha sa tír ar thorthaí na cóireála drugaí san iliomad ionad. Choimisiúnaigh an CCND an taighde seo in 2002 de réir mar a éilíodh air a dhéanamh le Gníomh 99 den Straitéis Náisiúnta Drugaí. Is é aidhm an Staidéir ná úsáideoirí codlaidíneach, atá ag dul isteach i gcláir chóireála, a earcú agus a leanúint i gcaitheamh tréimhse ama agus na hathruithe a fheictear a dhoiciméadú.

Modh:
Earcaíodh 404 úsáideoir codlaidíneach don staidéar agus iad ag dul isteach i gcláir chóireála agus leanadh iad ar feadh 3 bliana. Rinneadh agallaimh agus daoine á nglacadh isteach le haghaidh cóireála , 6 mhí, bliain amháin agus 3 bliana tar éis dóibh a bheith glactha isteach le haghaidh cóireála. Earcaíodh rannpháirtithe ó chláir chothabhála/laghdaithe meatadóin (53.2%, u = 215), ó chláir díthocsainiúcháin struchtúrtha (20%, u = 81), ó chláir chóireála bunaithe ar an staonadh (20.3%, u = 82) agus earcaíodh foshampla ó sheirbhísí malartaithe snáthaidí (6.4%, u = 26). Measadh gurbh ionann na modúlachtaí seo agus na hidirghabhálacha is fairsinge a chuirtear i ngníomh d'úsáideoirí codlaidíneach in Éirinn. Cabhraíodh leis an obair le rannpháirtithe a leanúint trí cheithre theagmháil ar a laghad a sholáthar dóibh (faisnéis le teacht orthu) le haghaidh gach duine (lena n-áirítear teagmháil sna seirbhísí cóireála drugaí, duine den teaghlach, dochtúir ginearálta agus daoine eile).

Ba iad na príomhthorthaí a tomhaiseadh sa staidéar ná iompar maidir le drugaí a úsáid, sláinte fhisiciúil agus shíceolaíoch, díobháil, feidhmiú sa tsochaí, mortlaíocht agus coireacht.

ROSI*E* Torthaí Bonnlíne

- B'fhir 75% de rannpháirtithe
- 27 aois mheánach (meánaois) na rannpháirtithe fir
- 25 aois mheánach (meánaois) na rannpháirtithe mná
- Dúirt 86% de rannpháirtithe go raibh an cineál cóireála a bhí uathu á fáil acu
- Chuaigh 87% díobh i mbun chineál cóireála éigin sular thosaigh siad ar an gclár cóireála a bhí i gceist sa staidéar
- Ba é an mheánaois (aois mheánach) a bhí ag rannpháirtithe nuair a lorg siad cóireáil don chéad uair ná 20 bliain
- Ar an meán, thosaigh rannpháirtithe ag caitheamh tobac don chéad uair ag 13 bliana, ag ól agus ag caitheamh cannabais in aois a 14 bliana
- Thosaigh rannpháirtithe ag úsáid hearóine don chéad uair in aois a 17 mbliana ar an meán
- Ba lú seans go measfadh freagróirí gur fadhb í an úsáid a bhain siad as substaintí eile
- Thuairiscigh breis is 75% de na rannpháirtithe gur úsáid siad dhá shubstaint nó níos mó le déanaí agus thuairiscigh 44% gur úsáid siad cóicín le déanaí. Léirigh na torthaí Bonnlíne patrúin dhéscartha ó thaobh an óil – níor ól 46% díobh agus d'ól 42% díobh cuid mhór
- Bhí druga insteallta ag a bhformhór, 77%, agus ba é an mheánaois a bhí acu nuair a d'insteall siad druga den chéad uair ná 19 mbliana (aois mheánach)
- Rinne 17% díobh siúd a d'insteall drugaí amhlaidh roimh aois a 17 mbliana.
- As a measc siúd a d'insteall druga uair amháin ar a laghad, d'úsáid 63% snáthaid tar éis duine eile, roinn 63% scagairí agus gairis agus d'athúsáid 88% a dtrealamh insteallta féin
- Níor ghlac 55% ródháileog riamh, ghlac an fuílleach ródháileog idir uair amháin agus cúig huaire nó níos mó
- Chuimhnigh díreach os cionn a leath ar lámh a chur ina mbás féin agus iad i ndáiríre faoi
- D'fhág 59% an scoil faoi thráth an Teastais Shóiséaraigh, ba é an mheánaois ná 15 bliana (meánaois agus aois mheánach)
- Ní raibh aon cháilíochtaí ag 33%
- Bhí an Teastas Sóisearach/bunscileanna nó NCVA Leibhéal 1 ag 49%
- Thuairiscigh 90% go ndearna siad coir amháin ar a laghad (gan cionta ó thaobh drugaí a bheith ina seilbh acu agus cionta a bhain le cúrsaí trachta san áireamh)
- Ghoid 55% rud éigin ó dhuine
- Ghoid 73% rud éigin ó mhaoin tráchtála agus gabhadh 48% as an gcion seo a dhéanamh
- Láimhseáil 76% earraí goidte agus gabhadh 27% as an gcion seo a dhéanamh
- Bhí baint ag 70% le drugaí a dhíol nó a sholáthar agus gabhadh 31% as an gcion seo a dhéanamh
- Bhí raon fadhbanna ag cur isteach ar gach rannpháirtí ó thaobh na sláinte fisiciúla agus meabhrach, agus thuairiscigh 72% nach raibh an ghoile go maith acu i rith na dtrí mhí roimh an agallamh. Thuairiscigh 25% gur smaoinigh siad ar lámh a chur ina mbás féin sna sé mhí sular glacadh isteach i gcláir chóireála iad, rinne 10% iarracht le lámh a chur ina mbás féin sna sé mhí roimh an agallamh bonnlíne agus thuairiscigh an tríú cuid go ndearna siad iarracht le lámh a chur ina mbás féin roimhe
- Ní raibh ach 16% fostaithe (lánaimseartha nó páirtaimseartha) tráth an agallaimh bhonnlíne, agus bhí 21% fostaithe i gcaitheamh na dtrí mhí roimhe. Do 77% de rannpháirtithe, ba é a bpríomhfhoinse ioncaim ná an leas sóisialach.

Conclúidí:
- Tá rátaí ó thaobh na húsáide ildrugaí i measc rannpháirtithe ROSI*E* (76%) ar aon dul leo siúd a fuarthas in *NTORS* (81%) (Staidéar Náisiúnta na Ríochta Aontaithe ar Thorthaí Cóireála)
- Cuirtear chun suntais leis an anailís ar shonraí bonnlíne ROSI*E* go bhfuil mórán de na dúshláin chéanna is a aithníodh i gcuid mhór tíortha roimh sheirbhísí cóireála drugaí na hÉireann.

CCND, 3ú hUrlár, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Teil: +353 (0)1 667 0760. Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie

NACD
Coiste Comhairleach
Náisiúnta ar Dhrugaí

ROSI*E* 2: Modúlacht an Díthocsainiúcháin

Is éard is díthocsainiúchán struchtúrtha ann ná próiseas lena dtugtar daoine aonair saor ó chodlaidínigh de réir córais go sábháilte, faoi mhaoirseacht lucht leighis. Is é an modh is coitianta ó thaobh an díthocsainiúcháin ó chodlaidínigh in Éirinn ná meatadón a úsáid agus an dáileog a ísliú go mall go dáileog nialasach i gcaitheamh tréimhse ama. Soláthraítear cláir struchtúrtha dhíthoscainiúcháin in áiseanna d'othair chónaitheacha agus d'othair sheachtracha araon agus bíonn tréimhsí éagsúla i gceist idir amach is isteach le 4-12 seachtaine.

Príomhthorthaí:

- D'éirigh le 68% de rannpháirtithe a gclár cóireála díthocsainiúcháin, ar glacadh isteach ann iad, a chur i gcrích go ráthúil
- Mhéadaigh na rátaí ó thaobh líon na ndaoine a staon ó dhrugaí (aindleathacha) (.i. gan alcól san áireamh) ó 8% tráth a glacadh isteach i gclár cóireála iad go dtí 45% tar éis bliain amháin
- Mhéadaigh an ráta ó thaobh líon na ndaoine a staon ó **gach druga** (drugaí ar oideas san áireamh) ó 5% tráth a glacadh isteach i gclár cóireála iad go dtí 39% tar éis bliain amháin
- Bhí an úsáid a bhí rannpháirtithe ag baint as an hearóin agus as substaintí eile laghdaithe tar éis bliain amháin
- Thuairiscigh 74% de rannpháirtithe nach raibh baint ar bith acu leis an gcoireacht tar éis bliain amháin i gcomparáid le 19% tráth a glacadh isteach i gclár cóireála iad
- Níor thuairiscigh ach 23% go raibh siad ag instealladh drugaí tar éis bliain amháin i comparáid le 48% tráth a glacadh isteach i gclár cóireála iad
- Chonacthas feabhsuithe ar airíonna sláinte fisiciúla agus meabhrach tar éis bliain amháin
- Bhí 73% de rannpháirtithe i gcineál cóireála éigin tráth a thángthas suas leo tar éis bliain amháin; bhí 42% ag glacadh meatadóin ar oideas
- **Ba é an ráta mortlaíochta don chohórt ná 1.2% (1/81).**

ROSI*E* 3: Modúlacht an Staonta

Chun críocha an staidéir seo, sainmhínítear modúlacht an staonta mar aon chlár struchtúrtha lena gceanglaítear ar dhaoine aonair a bheith saor ó dhrugaí (agus saor ó aon idirghabháil chógaseolaíochta) chun páirt a ghlacadh sa chlár agus fanacht ann. Soláthraíonn cláir den sórt sin diantacaíocht shíceolaíoch agus clár struchtúrtha de ghníomhaíochtaí laethúla a gceanglaítear ar rannpháirtithe freastal orthu. Is féidir leis an gcóireáil tarlú i suíomh ina mbíonn daoine ina n-othair chónaitheacha (a dtagraítear dó mar athshlánúchán cónaitheach go minic) nó ina n-othair sheachtracha (.i. cláir lae a bhíonn struchtúrtha agus saor ó dhrugaí).

Príomhthorthaí :

- Chríochnaigh 66% de rannpháirtithe a gclár cóireála, a bhí bunaithe ar an staonadh agus ar glacadh isteach ann iad
- D'éirigh 27% as an gclár sular críochnaíodh é
- Mhéadaigh líon na ndaoine a bhí ag staonadh ó **gach druga** (lena n-áirítear meatadón ar oideas ach gan alcól san áireamh) ó 18% tráth a glacadh isteach i gclár cóireála iad go dtí 41% tar éis bliain amháin
- Ba é an cannabas an t-aon druga a bhí ann nach bhfacthas aon laghduithe dó ó thaobh líon na rannpháirtithe a bhí ag tuairisciú go raibh sé á úsáid acu tráth a glacadh isteach i gcláir chóireála iad agus tar éis bliain amháin
- Tháinig na laghduithe ba shubstaintiúla i gcaitheamh na tréimhse athleanúna ar an úsáid a bhain rannpháirtithe as an gcóicín, ó thaobh cion na ndaoine a bhí ag tuairisciú go raibh sé á úsáid acu, minicíocht na húsáide agus méideanna an druga a bhí á chaitheamh
- Laghdaíodh an rannpháirtíocht sa choireacht trasna sé chinn den 12 chatagóir cionta
- Chonacthas feabhsuithe ar naoi gcinn de na hairí sláinte fisiciúla, agus ar chúig chinn den 10 airí sláinte meabhrach
- **Ba é an ráta mortlaíochta don chohórt ná 1.2% (1/82).**

ROSI*E* 4: Modúlacht an Mheatadóin

Is é an phríomh-idirghabháil chógaseolaíochta ionadaíochta d'úsáideoirí codlaidíneach in Éirinn ná meatadón a sholáthar, arb agónaí fadghníomhach codlaidínigh é, faoi mhaoirseacht lucht leighis. Ar dtús, tugtar dáileog íseal (idir 10-40 millilítir de ghnáth) ar oideas agus na rannpháirtithe ag tosú amach, a bhfuil sé d'aidhm leis ná leibhéal compoird a bhaint amach agus an dóchúlacht, go dtógfar ródháileog, a laghdú ag an am céanna. Faoi dheireadh shé seachtaine na cóireála, bíonn an duine socraithe síos de ghnáth ar dháileog chuí theiripeach.

Príomhthorthaí:

- Chuaigh líon na ndaoine a coinníodh i gclár na modúlachta meatadóin os cionn rátaí a tuairiscíodh i staidéir ar thorthaí a bhí inchomparáide
- Bhí 79% den chohórt fós ag fáil cóireála i gclár na modúlachta meatadóin tráth ar thángthas suas leo tar éis bliain amháin
- Tháinig laghdú ar an úsáid a tuairiscíodh a baineadh as an hearóin ó 84% tráth a glacadh isteach i gclár cóireála iad go dtí 53% tráth ar thángthas suas leo tar éis bliain amháin
- Bhí na hathruithe ba shubstaintiúla ar líon na gcodlaidíneach a caitheadh – thit an úsáid ó 50 lá tráth a glacadh isteach i gclár cóireála iad go dtí 15 tar éis bliain amháin agus thit méid na gcodlaidíneach a caitheadh ó 1 gram go dtí 0.3 gram tar éis bliain amháin ar ghnáthlá úsáide drugaí
- Chonacthas laghduithe ar an rannpháirtíocht a tuairiscíodh sa choireacht éadála (ó 28% tráth a glacadh isteach i gclár cóireála iad go dtí 15% tar éis bliain amháin) agus ar an rannpháirtíocht a tuairiscíodh sa díolachán/soláthar drugaí (ó 22% tráth a glacadh isteach i gcláir chóireála iad go dtí 11% tar éis bliain amháin)
- Chonacthas laghdú ar líon na rannpháirtithe a thuairiscigh go raibh siad ag instealladh drugaí agus ar a mhinice is a bhí siad ag instealladh drugaí tar éis bliain amháin
- Is beag athrú a tháinig ar airíonna sláinte fisiciúla agus meabhrach na rannpháirtithe idir an tráth a glacadh isteach i gclár cóireála iad agus an tráth ar thángthas suas leo tar éis bliain amháin
- Ní bhfuair aon rannpháirtí bás sa tréimhse bhliana a bhí ann sular thángthas suas leo faoin modúlacht seo.

CCND, 3ú hUrlár, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4
Teil: +353 (0)1 667 0760. Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie